**PREASRÁITEAS SAMPLACH DON PHREAS ÁITIUIL – CUIR FÁILTE ROIMH THEANGACHA – 2023/24**

**CÉIMEANNA**

- Íoslódáil an comhad ó Languagesconnect.ie

- Líon isteach na sonraí a bhaineann le do scoilse ionas gur féidir é a roinnt leis an nuachtán/raidió áitiúil nó a úsáid i nuachtlitir do scoile.

- Ná déan dearmad aon rud nach bhfuil uait a ghlanadh amach.

- Cuir roinnt grianghraf deas le fearais ghrianghraf agus na pasanna freisin.

Cuireann {Ainm na scoile} fáilte roimh theangacha

Tá [ainm do scoile] tar éis dul i gcomhpháirt le 80,000 scoláire ar fud na tíre agus iad páirteach sa Mhodúl Samplach Teangacha

Tá breis agus [líon na scoláirí páirteach] ó [ainm na scoile] réidh le páirt a ghlacadh in 'Cuir Fáilte roimh Theangacha' ag tosú [dáta tosaithe]. Le dhá bhliain anuas, cuireadh fáilte ollmhór roimh an modúl, atá á chur ar fáil don tríú bliain tar éis don Roinn Oideachais síneadh a chur leis. Tá cuma ar an scéal go bhfuil an tsuim seo ag leanúint i mbliana le 1200 scoil cláraithe le bheith páirteach in 2023/2024.

San áireamh sa mhodúl 'Cuir Fáilte roimh Theangacha' tá Buntreoir maidir le raon nuatheangacha iasachta mar aon le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ/ISL) agus tá sé mar aidhm aige scoláirí a chur ar an eolas faoi líon na dteangacha atá in úsáid ag scoláirí ar comhaois leo ar scoil agus sa phobal. Mar chuid de Chreatlach Churaclaim na Bunscoile, tá ullmhúchán á dhéanamh chun breis teangacha a chur san áireamh, agus is iad na páistí i rang 3 go rang 6 na spriocghrúpaí.

Ghlac breis agus 700 scoil páirt sa mhodúl anuraidh, agus mar chuid de, múineadh Araibis, Fraincis, Gearmáinis, Eabhrais, Iodáilis, TCÉ/ISL, Seapáinis, Mandairínis, Sínis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Rúisis, Spáinnis, Tamailis agus Úcráinis trasna na tíre. Cuirfidh páistí ó [ainm na scoile] fáilte roimh [ainm na teanga] a chuirfear ar fáil thar tréimhse 8 seachtaine i rith an ghnáthlae scoile.

Agus [é/í] ag caint faoin modúl, dúirt an príomhoide, 'Tá áthas orainn a bheith ag cur fáilte roimh theangacha go [ainm na scoil] i mbliana. Faoi láthair, tá [cuir isteach líon na teangacha] dteanga in úsáid ag páistí agus foireann na scoile agus aithnímid buntáistí agus tábhacht modúil mar seo. Cumasaíonn foghlaim teangacha forbairt ar scil saoil, agus cuidíonn sé fosta le gach duine a chur ar an eolas faoi na cultúir shaibhre éagsúla atá inár scoil agus inár bpobal.

De ghnáth, is múinteoirí iad oidí an chúrsa seo, ach seans go mbeidh siad ina gcuid de phobal leathan na scoile - tuismitheoirí, cainteoirí dúchais, nó baill eile foirne ina measc.

Beidh [ainm an oide] i gceannas ar an modúl i mbliana ag [ainm na scoile] agus tá áthas [air/uirthi] deis a bheith [aige/aici] a [paisean/phaisean] don [teanga] a roinnt leis na páistí

'Is modúl spraíúil, idirghníomhach tarraingteach é a chuirfidh tús leis an gcaidreamh dearfach idir páistí agus teangacha. Tabharfaidh sé seo buntáiste mór do pháistí agus iad ag leanúint leis an oideachas, agus tá súil againn go dtabharfaidh sé grá teangacha dóibh,' a deir an múinteoir/oide/príomhoide [ainm an duine].

Beidh an modúl ar siúl ar feadh 3 théarma, mar a tharla anuraidh, le tacaíocht ó Languages Connect agus TIBÉ (Teangacha Iar-bhunscoile Éireann), aonad den Roinn Oideachais.

Nuair a fógraíodh an tríú bliain den mhodúl, dúirt an tAire Oideachais, Norma Foley, T.D. 'Beidh foghlaim teanga iasachta ina cuid den eispéireas do pháistí bunscoile san blianta atá romhainn, de réir Chreatlach Churaclaim na Bunscoile nuafhoilsithe. Agus sinn ag cur teangacha iasachta sa churaclam bunscoile sa todhchaí, is é an dóigh a gcuirtear Cuir Fáilte roimh Theangacha ar fáil a thabharfaidh eiseamláir dúinn. Táimid ag súil le reáchtáil rathúil den mhodúl in 2023/24.'

Cuireadh sraith acmhainní ar fáil, ina measc, pleananna ceachta do mhúinteoirí agus d'oidí agus 'Pas Teanga' do gach páiste a ghlacfaidh páirt le taispeáint dá dteaghlach agus dá gcairde. Cuireadh pacáistí chuig scoileanna atá ag glacadh páirte chun tacú leis an teagasc agus leis an fbhoghlaim, agus chun aird a tharraingt ar aidhmeanna an chláir. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoin gclár, faoi léiriú spéise ó oidí agus faoi na tacaíochtaí atá ar fáil ag www.languagesconnect.ie/primary

Chun teacht ar thuilleadh eolais, déan teagmháil le [cuir isteach sonraí scoile]

Faoi Languages Connect

Cuireann Languages Connect na buntáistí pearsanta, sóisialta, gairmiúla agus eacnamúla a bhaineann le scileanna teangacha iasachta chun cinn i measc príomhoidí, múinteoirí, comhairleoirí gairmthreorach, tuismitheoirí agus páistí. Maoinithe ag an Roinn Oideachais, stiúrtha ag Teangacha Iar-bhunscoile Éireann, mar phríomhaidhm de chuid Languages Connect – Straitéis na hÉireann do Theangacha Iasachta san Oideachas 2017-2026. Chun teacht ar an eolas is déanaí, féach ar www.languagesconnect.ie nó lean muid ar Twitter, Facebook agus Instagram